# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/519 ÓN gCOIMISIÚN

**an 24 Márta 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 maidir le tástáil le haghaidh *Trichinella* i ndlúthchrúbaigh agus maolú na Ríochta Aontaithe ar thástáil le haghaidh *Trichinella* i mucra clóis**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 18(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh, agus le haghaidh gníomhaíocht a bheidh le déanamh ag na húdaráis inniúla i ndáil le táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine.

(2) Seadán is ea *Trichinella* a d'fhéadfadh a bheith ar fheoil speiceas soghabhálach, amhail muca agus capaill, agus is cúis le tinneas bia-iompartha i ndaoine nuair a itear feoil ionfhabhtaithe. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh *Trichinella* i bhfeoil, lena n-áirítear coinníollacha maidir le maolú ar thástáil *Trichinella* tráth a thagann feoil mucra clóis isteach san Aontas.

(3) An 6 Meitheamh 2013, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuairim eolaíoch maidir le guaiseacha do shláinte an duine a chumhdófar le cigireacht ar fheoil (dlúthchrúbaigh) ([3]). Molann an tuairim sin rialú a dhéanamh ar *Trichinella* i ngach dlúthchrúbach (ní hamháin capaill ach asail agus miúileanna chomh maith) mar ardtosaíocht. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ([4]) ón gCoimisiún, leagtar síos, dá bhrí sin, tástáil éigeantach *Trichinella* i gconablaigh na ndlúthchrúbach go léir. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375, leagtar síos tástáil éigeantach ar chapaill agus ar speicis shoghabhálacha eile. Ar mhaithe le comhsheasmhacht agus chun aon débhrí a sheachaint, ba cheart tagairt a dhéanamh freisin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 do dhlúthchrúbaigh in ionad capall.

(4) Le Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ([5]) ón gCoimisiún údaraítear feoil mucra clóis ón Ríocht Aontaithe a theacht isteach san Aontas. Liostaítear sa Rialachán sin an Ríocht Aontaithe agus maolú i bhfeidhm aici ar thástáil *Trichinella* ar chonablaigh agus ar fheoil mucra clóis nach bhfuil bainte den diúl faoi bhun 5 seachtaine d'aois i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh *Trichinella* i bhfeoil (IO L 212, 11.8.2015, lch. 7).

([3]) Iriseán EFSA 2013; 11(6):3263.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 ón gCoimisiún an 12 Márta 2010 lena leagtar síos liostaí de thríú tíortha, de chríocha díobh nó de chodanna díobh atá údaraithe chun ainmhithe áirithe agus feoil úr a thabhairt isteach san Aontas Eorpach agus na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 73, 20.3.2010, lch. 1).

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ([6]) ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021. I bhfianaise na haisghairme sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1478 ([7]) ón gCoimisiún, cuirtear Iarscríbhinn VII le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021, ina liostaítear na tríú tíortha a bhfuil maolú ar thástáil *Trichinella*, dá dtagraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375, á chur i bhfeidhm acu.

(6) An 12 Eanáir 2021, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis ar fáil go dtugann sonraí stairiúla, maidir le tástáil leanúnach arna déanamh ar dhaonra mucra clóis maraithe, muinín 95 % ar a laghad nach leitheadúla *Trichinella* ná ceann as gach milliún sa daonra sin i gcomhréir le hAirteagal 3(3)(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375. Ina theannta sin, chuir an Ríocht Aontaithe in iúl don Choimisiún go raibh sé ar intinn aici maolú a chur i bhfeidhm ar thástáil *Trichinella* ar chonablaigh agus ar fheoil mucra clóis i gcás ina dtagann na hainmhithe ó ghabháltas a n-aithnítear go hoifigiúil go gcuireann sé dálaí tithíochta rialaithe i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Ríocht Aontaithe a liostú in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375, gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin.

(8) Ba cheart Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 a leasú chun cur i bhfeidhm na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin ag an Ríocht Aontaithe a léiriú.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 a leasú dá réir.

(10) Ós rud é go n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 206/2010 le héifeacht ón 21 Aibreán 2021 agus go gcuireann Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1478 Iarscríbhinn VII le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 le héifeacht ón dáta sin, ba cheart feidhm a bheith ag liostú na Ríochta Aontaithe san Iarscríbhinn sin ón dáta céanna.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/1375 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 2:

"Déanfar conablaigh dlúthchrúbach, torc allta agus speiceas eile ainmhithe feirme agus fiáine atá soghabhálach i leith inmhíolú *Trichinella* a shampláil go córasach i seamlais nó i mbunaíochtaí láimhseála géim mar chuid den scrúdú iarbháis.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Go dtí go bhfaighfear torthaí scrúdú *Trichinella* agus ar choinníoll go ráthóidh an t-oibreoir gnó bia inrianaitheacht iomlán, féadfar conablaigh mucra clóis agus conablaigh dlúthchrúbach a ghearradh suas ina gcodanna go huasmhéid sé chuid i seamlas nó i monarcha gearrtha san áitreabh céanna.";

---

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1478 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 maidir le sampláil, an modh tagartha le haghaidh coinníollacha braite agus allmhairiúcháin a bhaineann le rialú *Trichinella* (IO L 338, 15.10.2020, lch. 7).

(2) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh agus phointe (a) agus phointe (b):

"Ní mór feoil dlúthchrúbaigh, feoil géime fiáine agus feoil eile a bhféadfadh seadáin *Trichinella* a bheith inti a scrúdú i gcomhréir le ceann de na modhanna díleá a shonraítear i gCaibidil I nó i gCaibidil II d'Iarscríbhinn I, leis na hathruithe seo a leanas:

(a) tógfar eiseamail a bhfuil meáchan 10 g ar a laghad iontu ó mhatán teangach nó ó mhatán géill na ndlúthchrúbach agus ó chos tosaigh, ó theanga nó ó dhiaphragma na dtorc allta;

(b) i dtaca le dlúthchrúbaigh, i gcás nach ann do na matáin sin nó nach leor iad, tógfar eiseamal is mó ó cholún den diaphragma áit a n-athraíonn sé go cuid an teannáin. Ní mór don mhatán a bheith glan ar fhíochán tacaíochta agus ar shaill;";

(3) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) de Chaibidil II:

"(b) Déanfar líon na dtástálacha agus torthaí na tástála le haghaidh *Trichinella* i mucra clóis, toirc allta, dlúthchrúbaigh, géim agus aon ainmhí soghabhálach eile a thíolacadh i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2003/99/CE. Soláthrófar sna sonraí maidir le mucra clóis, ar a laghad, faisnéis shonrach maidir leis an méid seo a leanas:

(i) tástálacha ar ainmhithe a tógadh faoi dhálaí tithíochta rialaithe;

(ii) tástálacha ar chránacha pórúcháin, ar thoirc agus ar mhuca atá á ramhrú.";

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VII:

"

*IARSCRÍBHINN VII*

**Tríú tíortha nó réigiúin díobh a bhfuil na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 13(2) á gcur i bhfeidhm acu**

| Cód ISO na tíre | Tríú tír nó réigiúin di | Tráchtanna |
|---|---|---|
| GB | An Ríocht Aontaithe (*) | Cur i bhfeidhm na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) agus (3)" |

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann..

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(4) ón 21 Aibreán 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN